# Teachtaireacht ón Stiúrthóir

D'fheidhmigh foilsiú Straitéis Chomhtháite um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta & Chultúrtha de chuid Bhord Forbartha Chontae an Chláir sa bhliain 2002 mar an chéad iarracht i leith na pleanála comhtháite fadtéarmaí um sheachadadh seirbhíse ag leibhéal an chontae. Thóg sí ar dhúshláin agus deiseanna coitianta, agus bhí sí mar chéim shuntasach i dtéarmaí an chomhoibrithe mhéadaithigh idir gníomhaireachtaí do bhaint amach na spriocanna coitianta.

Cuireadh an tasc reachtúil a bhain le monatóireacht ar fhorfheidhmiú na ngníomhartha straitéiseacha faoi chúram Bhord Forbartha Chontae an Chláir tar éis sheoladh na Straitéise Comhtháite 'Shaping the Future 2002-2012'. Is amhlaidh atáthar tar éis dul chun cinn suaithinseach a bhaint amach le trí bliana anuas trí mhúnla de sheirbhís chomhtháite um sheachadadh agus dul chun cinn go leor de na gníomhartha straitéiseacha sin.

Tar éis próiseas forleathan comhairliúcháin, tá muinín ag an mBord go bhfreagraíonn na gníomhartha tosaíochta a aithnítear san Athbhreithniú seo d'eochair-thascanna lena ngnóthachan chun is go gcinnteofaí go gcoinníonn an Contae ar chomhchéim leis an dea-chleachtas i dtimpeallacht shíor-athraitheach.

Tá Bord Forbartha Chontae an Chláir tar éis glacadh le roinnt gníomhartha tosaíochta úra don tréimhse 2006-2008, chun is go gcinnteofaí gur ábhartha í an Straitéis Chomhtháite. Thug gníomhaireachtaí sonracha tiomantas chun bheith i gceannas ar ghníomharhta sainiúla. Áirítear leis an Athbhreithniú na pleananna oibriúcháin do gach ceann de na gníomhartha, agus aithnítear ann na céimeanna agus na spriocanna bliantúla. Éascóidh an méid sin monatóireacht an fhorfheidhmithe amach anseo.

Ba mhian liom mo bhuíochas a ghlacadh le baill na sé Ghrúpa Fhorfheidhmiúcháin agus an Bhoird as ucht a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe i gcomhlíonadh an phróisis Athbhreithnithe seo. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnamh a sholáthair an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, agus do Ranna eile agus do m'fhoireannsa féin sa Stiúrthóireacht Pobail & Fiontair.

**Tom Coughlan**
*An Stiúrthóir Pobail & Fiontair*